C/2024/4030

17.7.2024

P9_TA(2023)0265

Bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe sa limistéar a chumhdaítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA)

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Iúil 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe arb is infheidhme iad sa Limistéar a chumhdaítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) (COM(2022)0563 – C9-0370/2022 – 2022/0348(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2024/4030)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0563),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0370/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0192/2023),

1. ag diúltú don togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a tharraingt siar;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.